C/2026/2659

13.5.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12321 — MIC / EQUITIX / BALTIC CABLE / GREENLINK GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2659)

1. An 29 Aibreán 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— One Hundred and Twenty Seventh Investment RSC Ltd (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú Mubadala Investment Company PJSC ('MIC', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Equitix Holdings Limited ('Equitix', an Ríocht Aontaithe),

— Baltic Cable AB ('Baltic Cable', an tSualainn), faoi rialú Statkraft AS ('Statkraft', an Iorua),

— Greenlink (Luxembourg) S.à.r.l. ('Greenlink', Lucsamburg).

Gheobhaidh MIC, Equitix agus Baltic Cable rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Greenlink.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is meán infheistíochta sainchuspóirí é One Hundred and Twenty Seventh Investment Company atá faoi lánúinéireacht indíreach MIC. Is cuideachta comhstoic phoiblí de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha é MIC, atá faoi lánúinéireacht Rialtas Abú Daibí, a rialaíonn, trí Abu Dhabi National Energy Company (TAQA), an tionscadal le haghaidh idirnascaire fomhuirí LirIC 700 MW idir Albain agus Tuaisceart Éireann. Infheistíonn MIC i raon leathan aicmí sócmhainní, lena n-áirítear cothromas príobháideach, cothromais phoiblí, creidmheas, réadmhaoin, bonneagar agus infheistíochtaí malartacha.

— Is infheisteoir, forbróir agus bainisteoir cistí fadtéarmacha ar bhonneagar lárnach agus ar shócmhainní éifeachtúlachta fuinnimh é Equitix. Bainistíonn Equitix Group roinnt cistí bonneagair, go leor cistí comhinfheistíochta, atá tiomnaithe do mhórthionscadail bhonneagair, agus roinnt cuntais bhainistithe leithscartha lena soláthraítear réitigh shaincheaptha.

— Is é Baltic Cable úinéir aonair Baltic Cable, an t-idirnascaire srutha dhírigh ardvoltais fomhuirí 600 MW lena nasctar margaí leictreachais na Gearmáine agus na Sualainne (DE/LU-SE4).

— Tá cábla idirnascaire leictreachais fomhuirí agus faoi thalamh (le stáisiúin tiontaire ghaolmhara) faoi úinéireacht Greenlink Group, lena nasctar na heangacha leictreachais atá ann cheana in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór agus ag a bhfuil toilleadh ainmniúil 504 MW, agus chuir Greenlink Group tús le hoibriú an chábla sin le déanaí. Soláthraíonn idirnascaire Greenlink nasc eangaí idir fostáisiún an Oileáin Mhóir de chuid EirGrid i gContae Loch Garman (Éire) agus fostáisiún Pembroke de chuid National Grid in Pembrokeshire (an Bhreatain Bheag). Gineann sé ioncam ó phlódú, ó acmhainneacht don chothromú agus ó sheirbhísí coimhdeacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12321 — MIC / EQUITIX / BALTIC CABLE / GREENLINK GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË